Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/3082

10.6.2025

**Caingean arna tabhairt an 23 Aibreán 2025 – HTG v EUIPO (DEINS)**

**(Cás T-266/25)**

(C/2025/3082)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirithe**

*Iarratasóir:* HTG GmbH (Iserlohn, an Ghearmáin) (ionadaí: I. Selting, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh 'DEINS' – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 994 404

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 14 Feabhra 2025 i gcás R 1971/2024-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO costais na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta agus costais na n-imeachtaí achomhairc a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) i dteannta Airteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.